

Príosún Chill Mhaighneann

Ón uair a d'oscail sé i 1796 mar Phríosún Chontae Átha Cliath, tá Príosún Chill Mhaighneann tar éis formhór na bpearsan aithnidiúla i ngluaiseacht shaoirse na hÉireann a choimeád le linn trátha cinniúnacha.

Cúlra: Greanadh de Phríosún Chill Mhaighneann, c. 1796

Ós na 1790daí ar aghaidh, ba í saoirse, mar phoblacht, ó smacht na Breataine, an cineál saoirse pholaitiúil is mó a bhí á lorg ag náisiúnaigh radacacha na hÉireann. Na náisiúnaigh eile sin, a bhí níos measartha ina dtuairimí, is 'Rialtas Dúchais' nó neamhspleáchas bunreachtúil d'Éirinn, laistigh d'Impireacht na Breataine, is mó a shásódh iad. Cuireadh líon suntasach de cheannairí an náisiúnachais Éireannaigh faoi ghlas i bPríosún Chill Mhaighneann, agus cuireadh cuid acu chun báis ann.

Tá i bhfad níos mó ná sin le hinsint mar gheall ar Chill Mhaighneann: gnáth phríosún a bhí ann formhór na hama, agus is scéal tábhachtach ann féin é cinniúint na ngnáth dhaoine a bhí ina ndaoirnáigh ann.

An 18ú hAois

Nuair a d'oscail Príosún Chill Mhaighneann sa bhliain 1796, bhí sé ar cheann de na príosúin ba nua-aimseartha in Éirinn. Is sa tréimhse seo a tógadh an sciathán dhronuilleogach ar thaobh thiar an phríosúin.



Lastuas: Bású Robert Emmet ar Shráid Thomáis, 20 Meán Fómhair 1803.

Sna blianta tosaigh ba daoine a bhí i bhfiacha iad ós cionn leath de dhaoirna an phríosúin. Coimeádadh daoine eile de dheasca bheith ag lorg déirce, goid, ionsaithe, striapachas agus meisceoireacht. Saol crua ba ea é an tráth sin. Sa chéad caoga bliain ní raibh aon ghloine i bhfuinneoga an fhoirgnimh agus ní raibh aon ghléas solais ann. Tugadh coinneal bheag do phríosúnaithe gach coicís. Luaitear arán, bainne, min choirce agus anraith i measc an bhia ar na liostaí bia.

Na hÉireannaigh Aontaithe (1798)

Cuireadh an chéad duine de na príosúnaithe polaitíochta mór le rá, Henry Joy McCracken, duine de bhunaitheoirí na nÉireannach Aontaithe, faoi choimeád ar an 11 Deireadh Fómhair 1796. Crochadh ina dhiaidh sin é as an bpáirt a ghlac sé in éirí amach 1798. Fuair na hÉireannaigh Aontaithe a n-inspiráid ó Réabhlóid na Fraince agus saothar Thomas Paine *The Rights of Man*. Éire mar phoblacht a bhí mar sprioc acu sin.

An 19ú hAois

Bhí éirí amach, ar feadh seal gairid, i mBaile Átha Cliath i 1803 faoi cheannas Éireannaigh Aontaithe eile, Robert Emmet. Agus é ag fanacht lena thriail ar chúis tréasa, coimeádadh i gCill Mhaighneann é, i dteannta lena bhean tí, Anne Devlin.



'Na hÉireannaigh Óga', c. 1848. William Smith O'Brien, ina shuí, Thomas Francis Meagher ina sheasamh ar dheis.



Sciathán Thoir Phríosúin Chill Mhaighneann (1860daí)

Ciontaíodh ar chúis tréasa é agus cuireadh chun báis go poiblí é ar Shráid Thomáis, i Meán Fómhair 1803. Fágadh Anne sa phríosún go dtí 1805.

An Gnáth-Phríosúnach

I dtús na 19ú hAois is amhlaidh do crochtaí, go poiblí, ar chroch a tógadh ós comhair Phríosúin Chill Mhaighneann, daoine a chiontaítí as dhúnmharú nó goid fhoréigneach. Tharla an crochadh poiblí deireanach sa bhliain 1865. B' iad Bridget Butterly (19) agus Bridget Ennis (21) na mná deireanacha a crochadh sa phríosún, i 1821. Mná ab ea cuid mhaith de na príosúnaithe go dtí 1881, nuair a déanadh príosún d'fhir amháin as.

Sa chéad leath den 19ú Aois do coimeádadh sa phríosún iad siúd a bhí ag fanacht lena sheoladh go dtí coilíní na ndaoránach san Astráil. D'fhéadfaí duine a sheoladh sall mar gheall ar choireanna ó dhúnmharú go mion-ghoid. Seoladh ós cionn 4,000 príosúnach chun na hAstráile tríd Phríosún Chill Mhaighneann.

An Gorta (1845-50)

Tháinig ardú ollmhór ar líon na bpríosúnaithe a cuireadh go Príosún Chill Mhaighneann i rith blianta dheiridh an Ghorta Mhóir. Thug cigirí príosúin le fios go raibh plódú iomarcach sa phríosún, le cúigear i gcuid de na cillíní a tógadh d'aon duine amháin. Bhí líon mór ban agus leanbh i measc na bpríosúnaithe, agus formhór na bpríosúnaithe

cúisithe i dtaobh déirce a lorg agus bia a ghoid.

Na hÉireannaigh Óga (1848)

Agus iad spreagtha ag spiorad na réabhlóide a bhí san Eoraip, d'eagraigh na 'hÉireannaigh Óga' reibiliúin i 1848. Tugadh na ceannairí, William Smith O'Brien agus Thomas Francis Meagher, go Cill Mhaighneann tar éis don reibiliúin titim as a chéile. Seoladh chun Na Tasmáine iad beirt, ach theith Meagher go dtí na Stáit Aontaithe agus is é a bhí i gceannas ar Bhriogáid na hÉireann ar thaobh An Aontais i gCogadh Cathartha Mheiriceá ina dhiaidh sin.

An Sciathán Thoir (1861)

D'oscail an sciathán mórthaibhseach thoir, ina raibh 96 cillín sa bhreis, i 1862. Sampla is ea é den mbarúil Vichteoiriach go raibh baint nach beag ag ailtireacht na bpríosún le leasú na bpríosúnaithe.

I rith an tréimhse seo b' iad tost agus deighilt na prionsabail lena ritheadh an príosún. Bhí cosc ar chumarsáid idir phríosúnaithe agus chaitheadar cuid mhaith dá gcuid ama ina gcillíní. Bhí údarais an phríosúin ag súil go n-úsáidfidís an t-am seo chun an Bíobla a léamh, chun machnamh aonarach a dhéanamh agus chun aithreachas a dhéanamh as a gcuid coireanna.

Na Fíníní (1867)

Grúpa rúnda faoi mhionn ab ea na Fíníní agus iad tiomanta chun deireadh a chur le riail na Breataine in Éirinn. Nuair a theip ar Éirí Amach na bhFíníní i 1867, cuireadh scata

acu i gcoimeád i gCill Mhaighneann. Glanadh na gnáth príosúnaíthe as an bpríosún agus neartaíodh cúrsaí slándála.

Charles Stewart Parnell (1881-82)

Cuireadh Charles Stewart Parnell, Ceannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann i Westminster, agus roinnt mhaith dá chomb-Fheisirí faoi choimeád i gCill Mhaighneann tar éis dóibh diúltú go hoscailte don mBille Talún a thug rialtas na Breataine isteach i 1881. Cuireadh príosún ar Pharnell i gCill Mhaighneann ó Deireadh Fómhair 1881 go Bealtaine 1882.

Na hInvincibles (1882)

Ceithre lá tar éis a scaoileadh Parnell saor, d'fheallmharaiigh 'Na hInvincibles', géag de na Fíníní, beirt oifigeach sinsearacha de chuid rialtas na Breataine in Éirinn, i bPáirc an Fhionnuisce. Crochadh cúigear den ngrúpa i 1883 as bheith páirteach sa bhfeallmharú.

An Fichiú hAois

Dúnadh an príosún ar an 28 Feabhra 1910, ach úsáideadh é níos déanaí chun príosúnaíthe polaitiúla a chóiméad sa tréimhse idir 1916 agus 1924.

Éirí Amach 1916

Ar Luan Cásca 1916 do ghlac grúpaí ó Óglaigh na hÉireann agus Arm Cathartha na hÉireann seilbh ar Ard-Oifig an Phoist agus foirgnimh straitéiseacha eile i mBaile Átha Cliath, agus d'fhógraíodar Poblacht na hÉireann. Sheasadar an fód ar feadh seachtaine, nach mór, sular ghéilleadar. Athosclaíodh Príosún Chill Mhaighneann chun na céadta fear agus ban, a gabhadh as pháirt a ghlacadh san Éirí Amach, a



phríosúnú. Idir an 3 agus an 12 Bealtaine 1916, cuireadh ceathrar fear déag chun báis le lámhach na bpiléar san áit a bhí in úsáid roimhe sin mar chlós bhriste na gloch. Ba é Pádraig Mac Piarais, Ardcheannasaí na nÓglach, an chéad duine acu a cuireadh chun báis. Tugadh cead do dhuine eile dos na ceannairí, Joseph Plunkett, an bhean a bhí luaithe leis, Grace Clifford, a phósadh i séipéal an phríosúin sna huaireanta beaga sular cuireadh chun báis é. B'é James Connolly an duine deireanach acu a cuireadh chun báis.

Cogadh na Saoirse (1919-21)

Scaoileadh príosúnaíthe deiridh 1916 saor faoi ollmhaithiúnas ginearálta i Meitheamh 1917. Sa tréimhse tar éis Éirí Amach na Cásca, tharla athrú suntasach ar mheoin mhuintir na hÉireann ina dtaobh siúd a throid san éirí amach. Ar fhilleadh díobh ó champaí géibhinn sa Bhreatain, cuireadh fáilte na ngaiscíoch roimh na príosúnaíthe. Bhí ollbhua ag Sinn Féin, páirtí radacach poblachtach, san olltoghchán i 1918. In ionad a suíocháin a thógáil i bParlaimint na Breataine, bhunaigh Sinn Féin a bparlaimint féin, An Dáil, a tionóladh don



gcéad uair ar an 21 Eanáir 1919. Ar an lá céanna a scaoileadh na céad urchair de Chogadh na Saoirse. Bhí difríocht dhrámata i gCogadh na Saoirse seachas na réabhlóidí a tháinig roimhe agus chonacthas treallchogáíocht den gcéad uair idir eite mhíleatach na Dála, Óglaigh na hÉireann, agus fórsaí na Breataine. Úsáideadh Cill Mhaighneann an uair sin chun Óglaigh gafa a choimeád. Tháinig deireadh glan le Cogadh na Saoirse nuair a síníodh An Conradh in Iúil 1921.

An Cogadh Cathartha


I mí Meitheamh 1921 cuireadh stát sé chontae Thuaisceart Éireann ar bun. Tar éis babhta idirbheartaíochta, síníodh an Conradh Angla-Éireannach ar an 6 Nollaig 1921. Bunaíodh Saorstáit Éireann, le fiche sé contae, dá bharr seo. Tháinig scoilt i bpáirtí Shinn Féin mar gheall ar an t-easaontas fíochmhar a bhí ann faoi cé acu glacadh leis an gConradh nó a mhalairt. Ba é príomh-chúis na scoilte ná go raibh coinníoll sa Chonradh a thug le fios go gcaithfeadh gach feisire de chuid Pharlaimint an tSaorstáit mionn dílseachta a thabhairt do mhonarc na Breataine a bheadh fós ina Cheann Stáit. Ní raibh aon dul go nglacfadh Éamon de Valera, agus na poblachtaigh a lean é, leis seo. Tuairim níos pragmataí a bhí acu siúd a bhí ar thaobh an Chonradh, is é sin go dtabharfadh an Chonradh “saoirse chun saoire a bhaint amach” dóibh, cé nach raibh sé iomlán foirfe. Mheas an taobh

Poblachtach nó frith-Chonradh gur feall ar a gcúis agus orthu siúd a throid ar son neamhspleáchas na hÉireann a bhí in aon rud seachas Poblacht Éireannach. Ar deireadh bhris cogadh cathartha amach i Meitheamh 1922 de dheasca an teannais ar fad. Ghlac arm an tSaorstáit seilbh ar Phríosún Chill Mhaighneann. Do chuir Rialtas an tSaorstáit seachtó seacht Poblachtach chun báis i rith an chogaidh Cathartha agus cuireadh an chéad ceathrar díobh chun báis gairid don áit a lámhach ceannairí 1916. Ó Fheabhra go Meán Fómhair 1923, choimeád Cill Mhaighneann ó cionn 300 bean agus gearrchaile idir dhá bhliain déag agus seachtó bliain d’aois. Ar deireadh, tháinig deireadh leis an gCogadh Cathartha agus scaoileadh an príosúnach deireanach, Eamon de Valera, a bhí ina Thaoiseach agus ina Uachtarán ar Éirinn ina dhiaidh seo, saor ón bpríosún i 1924.

Tréigean agus Athchóiriú

Tar éis tréimhse a folamh dearóil, bunaíodh Coiste Athchóirithe Phríosún Chill Mhaighneann i 1960 chun an príosún a chaomhnú mar shéadchomhartha don Náisiúnachas Éireannaigh. Mhair an obair dheonach ar feadh geall le tríocha bliain go dtí gur tugadh ar lámha don Stáit é i 1986. Inniu, tagann cuairteoirí ós na cheithre hairde go dtí Príosún Chill Mhaighneann.

Plean Urláir Phríosún Chill Mhaighneann



1. Slí Isteach

2. Músaem

3. Sciathán Thoir

4. Sciathán Thiar

5. Clós Básaithe



Príosún Chill Mhaighneann

TREOIRLEABHAR DO CHUAIRTEOIRÍ



Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8